NUACHTLITIR

# Gaelscoil Thaobh na Coille

Gaelscoil Thaobh na Coille

25/05/2017

## San eagrán seo:

### Inside this issue:


Lúthchleasaíocht Athletics — 1

Siúlóid Urraithe Scoile Sponsored Walk — 2

Geansaithe Lúthchleasaíochta Athletics Tops — 2

Iomáint & Caomógaíocht Hurling & Camogie — 2

Seachain Beware Google Translate! — 2

Céad Chomaoineach First Communion — 3

Sraith Chlann Lir Clann Lir Suite Cumtha ag Oisín Mac Muiris — 3

Billí Scoile & Téacsleabhair 2017/2018 — 3

Naíonáin Shóisearacha 2017/2018 — 4

Seó Tallainne 2017 Talent Show 2017 — 4

Dátaí do Dialann Dates for Your Diary — 4


## Ceolchoirm an Bhanna Ceoil

### School Band Concert

Céadaoin 31/05/17

7pm

sa scoil





## Lúthchleasaithe Ghaelscoil Thaobh na Coille

Bhí daltaí ó ranganna a 3 go 6 san iomaíocht i gcomórtais lúthchleasaíochta Chumann na mBunscol i Seantraibh ar an Luan seo thart, an 22 Bealtaine. Lá Páirce a bhí ann agus bhí na lúthchleasaithe ag iomaíocht sa Rás 600m, sa Léim Fhada, sa Chaitheamh Meáchan & sa Chliathrás.

Rinne na daltaí sár-iomaíocht go deo agus d'éirigh le triúr acu céimeanna na mbuaiteoirí a bhaint amach. B'iad siúd Yena Ní Fhéich a tháinig sa dara áit sa chomórtas caitheamh meáchan faoi 14, Oilibhéar Ticher a tháinig sa chéad áit sa chomórtas léimt fhada faoi 12 agus Breandán Mac Cionnaith a tháinig sa 3ú áit sa rás 600m faoi 12. D'éirigh le Oran Ó Braonáin, Aoife Ní Néill, Conal Ó Riain agus Ellie Nic Dhomhnaill an 4 áit a bhaint amach i gcraobhanna an chliathrás.

Beidh na comórtais traic ar siúl ar an Luan seo chugainn an 29 Bealtaine agus beidh rásanna aonair 100m agus rásanna sealaíochta (faoi 10, 11, 12 & faoi 14) ar siúl an lá sin. Guímíd gach rath ar ár gcuid daltaí (thart ar 45 acu) a bheidh ag iomaíocht ar son na scoile ar an lá sin.

*Pupils from 3rd to 6th class represented the school in the Cumann na mBunscol Athletics Competitions in Santry on Monday the 22nd of May. The first day of this two day event was a Field Day which saw competitors from the school participate in 600m, Long Jump, Shot Putt & Hurdles at various age levels.*

*All the pupils who competed put their hearts and souls into their respective competitions and three of them came away with medals. They were, Yena Ní Fhéich who came 2nd in the under 14 shot putt, Oilibhéar Ticher who came 1st in the under 12 long jump competition and Breandán Mac Cionnaith who came 3rd in the 600m race. Oran Ó Braonáin, Aoife Ní Néill, Conal Ó Riain and Ellie Nic Dhomhnaill all reached their respective hurdles finals and were pipped at the post to come 4th.*

*The Track day will take place on Monday next the 29th of May and this will consist of individual sprints and relay races. We wish the pupils (over 40 of them) who will be competing for the school on that day the very best of luck.*



*Yena Ní Fhéich :2ú sa Chaitheamh Meáchan < 14*



*Oilibhéar Ticher :1ú sa Léimt Fhada < 12*



*Breandán Mac Cionnaith :3ú sa rás 600m < 12*




### Siúlóid Urraithe Scoile

**Céadaoin 07 Meitheamh**

01/07/2017

**8am**

Bígí linn a thuistí & tacaigh leis an imeacht tiomsaithe Airgid seo.

Please come along & support this fundraiser

SEACHAIN AN DIABHAL **'GOOGLE TRANSLATE'** SIN!




BEWARE OF GOOGLE TRANSLATE!

Seo cad a thárlaíonn nuair a baintear úsáid as 'Google translate' le focail agus frásaí a aistriú ó Bhéarla go Gaeilge.

*This is what happens when you use google translate to translate words and phrases from English to Irish*

**Look Right**

**Féach ar Dheis**

Is translated as

*'Look Correct'*

Le feiceáil taobh amuigh de Dunnes i mBaile Uí Ógáin

*This sign can be seen outside Dunnes in Ballyogan!*

## Siúlóid Urraithe Scoile : School Sponsored Walk

Beidh an siúlóid urraithe scoile á eagraíonn Coiste na dTuistí gach bliain ar siúl ar an gCéadaoin 7 Meitheamh ag a 8am. Seolfar cártaí urraithe abhaile gan mhoill agus iarrfar ar gach clann an oiread urraíochta agus is féidir leo a fháil don siúlóid. Imeacht tiomsaithe airgid spraoiúil & sláintiúil í seo agus tugaimíd cuireadh do thuismitheoirí agus do dhaltaí uile na scoile siúl linn . 'Séard a thárlaíonn ar an lá ná go mbailíonn tuistí & daltaí na scoile ar fad le chéile ag an scoil ag 8 a chlog ar maidin agus go dtéimíd ar shiúlóid le chéile timpeall ar cheantair na scoile. Fillimíd ar an scoil ag thart ar a 9am díreach in am leis na páistí a sheoladh isteach go dtí na ranganna agus in am do na tuismitheoirí dul ag obair nó go dtí an caifé is cóngaraí le cupán caifé agus sólaistí a fháil! Bígí linn a thuistí!

*Our annual sponsored school walk, organised by Coiste na dTuistí will take place on Wednesday the 7th June at 8am. Sponsorship cards will be sent home to all families shortly and we will be asking everyone to get as much sponsorship as they can for this event. This is a fun & healthy fundraiser for the school so please come along & support it. On the day parents & pupils meet up at the school at 8am and we all go for a walk together around the vicinity of the school. We return to the school at c. 9am just in time to send the children into class and for the parents to head off to work or to the local café for a cup of coffee and some refreshments! This is a walk for parents and pupils alike so please come along and support this event.*

## Geansaithe Lúthchleasaíochta Athletics Tops

**Míle Buíochas** le tuismitheoirí R6 2015/2016 as airgead a bhronnadh ar an scoil leis na geansaithe lúthchleasaíochta seo a cheannach. Táimíd thar a bheith sásta leo agus caitheadh iad don chéad uair an tseachtain seo i Seantraimh.

*Míle Buíochas to the parents of R6 2015/2016 who presented the school with the money to purchase these lovely athletics tops. We are delighted with them and were worn for the first time this week in Santry.*



## Iomáint & Camógaíocht Hurling & Camogie

Tá ag éirí go han-mhaith le foireann iomána na scoile i gcomórtais Chumann na mBunscol le cúpla mí anuas. Chríochnaigh siad ar bharr léig Corn J.M. & O'Brien & imreoidh siad cluiche ceathrú craobh i gcoinne Scoil an Teaghlach Naofa, Sórd ar an Déardaoin 25 Bealtaine. Má éiríonn leo an cheann is fearr a bhaint amach sa chluiche sin, imreoidh siad i gcoinnne Scoil Chrónáin, Ráth Cúil sa leath chraobh an tseachtain dár gcionn.

Ghlac foireann camógaíochta na scoile páirt i gCorn Nuri & bhuadar i gcoinne Scoil Olaf & Scoil Attracta. Shroicheadar ceathrú craobh an Chorn ach bhí Gaelscoil Brian Boróimhe, Sórd, beagáinín ró-láidir dóibh ar an lá agus b'shin deireadh an chomórtais dóibh.

*The school team has performed strongly in the Cumann na mBunscol hurling league over the last couple of months. The boys topped a very difficult group containing Divine Word, Scoil Naithí & Scoil Bhríde. In doing so they have reached the quarter final stage and face difficult opponents in Holy Family, Swords on Thursday 25th. The winning team will then face Scoil Chrónáin, Rathcoole in the semi-final.*

*The girls performed very well in the camogie competition with impressive wins over Scoil Olaf and St. Attracta NS. They faced a very strong Gaelscoil Brian Boróimhe, Swords in the quarter final & just came up a little short despite producing a really strong battling performance in the second half.*



## Céad Chomaoineach First Communion





Comhgháirdeachas leis na cailíní agus buachaillí ar fad i Rang a 2 a ghlac an Chéad Chomaoineach ar an 12 Bealtaine. Buíochas speisialta leis na múinteoirí ranga Clíona Seoighe agus Niamh Ní Dhúill as na daltaí a ullmhú don chomaoineach agus buíochas freisin leis na páistí ó R5 a chan go hálainn binn ar an lá agus leis na múinteoirí a sheinn tionlacann ceoil leo.

Buíochas le Coiste na dTuistí & Tuistí R1 a chuir sóláistí fíor-álainn ar fáil sa halla i ndiaidh an tsearmanais agus a chinntigh go raibh lá an-speisialta ag páistí R2 agus a muintir.

*Congratulations to all the girls and boys in R2 who received their first Holy Communion on Saturday the 12th of May. A special thanks to the múinteoirí ranga Clíona Seoighe and Niamh Ní Dhúill for preparing the children for the sacrament. Thanks to the pupils from R5 who sang so beautifully on the day and to the teachers who accompanied them.*

*Buíochas le Coiste na dTuistí and Tuistí R1 who put on an incredible spread in the halla after the ceremony and everyone who played a part in making the first communion day so special for the children in R2 & their families.*

## **'Sraith Chlann Lir'** cumtha ag Oisín Mac Muiris





*Iarscoláirí Ghaelscoil Thaobh na Coille le Oisín Mac Muiris & Nuala Ní Eochaidh, Jamie de Róiste, Emma de Róiste, Laoise Nic Gabhann Breandán Ó Conaill, Dónal Mac Duinnshléibhe, Tiarnán Ó Conaill, Shane Ó Baoill*

Comhgháirdeachas le hOisín Mac Muiris (múinteoir R1A) as a shaothar ceoil nua-chumtha 'Sraith Chlann Lir' a chualamar ag ceolchoirm sa scoil ar an 10 Bealtaine. Cuireadh an saothar ceoil seo os comhair an phobail don chéad uair in Amharclann an Mill i nDún Droma ar an Satharn an 22 Aibreán. Bhí breis is seasca ceoltóir traidisiúnta ag seinnt le chéile ar an ardán an oíche sin agus bhí an saothar ceoil agus ar seinnt thar barr ar fad. Cuid den ghrúpa ollmhór sin a bhí ag seinnt anseo sa scoil agus bhí an cur i láthair sár-mhaith arís agus b'íontach agus ba bhródúil dúinn é ár gcuid iar-scoláirí féin a fheiceáil i measc na gceoltóirí.

*Congratulations to Oisín Mac Muiris (múinteoir R1A) on his musical composition 'the Clann Lir Suite' that was performed at a concert in the school on May the 10th. This musical suite was performed for the first time on the 22nd of April in the Mill Theatre in Dundrum. A traditional orchestra of over 60 musicians graced the stage that night and both the work itself and the playing was incredible. A smaller group of c. 20 of those musicians played for us here in Gaelscoil Thaobh na Coille and we were delighted and very proud to see our own past-pupils among them.*

## Billí Scoile & Téacsleabhair do 2017/2018 School Bill & Textbook List for 2017/2018

Beidh an bille scoile & liosta téacsleabhair don bhliain seo chugainn 2017/2018 ag dul amach chugaibh gan mhoill. Le laghdú a dhéanamh ar an t-airgead tirim a thagann isteach sa scoil iarraimid ar thuismitheoirí más féidir leo é an íocaíocht seo a dhéanamh i bhfoirm seice nó i bhfoirm aistriú bainc ar-líne - eolas maidir le haistriú bainc le teacht.



*The school bill and textbook list for 2017/2018 will be distributed shortly. In order lessen the amount of cash in the school we are asking parents where possible to pay their bill by cheque or by on-line bank transfer - transfer details to follow.*

## Naíonáin Shóisearacha

## 2017/2018

12/06/2017

1pm - 2pm

Tabharfaidh na páistí a bheidh ag tosú sa scoil i rang na naíonáin i mí Meán Fómhair 2017 cuairt ar ar scoil ar an Luan an 12 Meitheamh. Buailfidh siad lena gcuid comhscoláirí agus caithfidh siad roinnt ama ag súgradh sa seomra ranga.



*Next year's junior infants are invited to visit the school on Monday the 12th of June where they will meet their fellow classmates and spend some time playing in their classroom.*

## Seó Talainne 2017

### Talent Show



**Déardaoin**

15 Meitheamh

**12.00 a chlog**

Halla na Scoile

Fáilte roimh Thuismitheoirí

Parents Welcome

## Dátaí do Dialann Dates for Your Diary

24/05/17 : R4 Turas Ranga - Carnabhal na nGaelscoileanna, Droim Rí

26/05/17 : R2 Turas Ranga - Ionad Spóirt Náisiúnta

29/05/17 : Lúthchleasaíocht Páirce : Cumann na mBunscol *Athletics Competition*

30/05/17 : R3 Turas Ranga - Fort Lucan, Leamhcán

30/05/17 : Feis Rince Scoile R1 & R2

31/05/17 : Feis Rince Scoile R3 - R6

31/05/17 : Ceolchoirm an Bhanna Ceoil Scoile 7pm

05/06/17 : Lá Saoire Poiblí - Scoil Dúnta *Public Holiday - School closed*

06/06/17 - 09/06/17 : Seachtain Spóirt & Spraoi

06/06/17 : R6 Turas Ranga - Ionad Eachtaíochta an Dún Mhóir, Port Láirge

06/06/17 : N2 Turas Ranga - Páirc Oidhreachta Lullymore, Cill Dara

07/06/17 : Siúlóid Urraithe Scoile 8am *School Sponsored Walk*

08/06/17: Lá Spóirt R1 - R6 (Rásanna Reatha) 1.00pm Páirc Uile-Aimsire na Céime

*Sports Day for R1 - R6 (races) 1.00pm Stepaside All-weather Pitch*

08/06/17: N1 Turas Ranga - Feirm Ghleann Rua, Cill Mhantáin

09/06/17 : Lá Spóirt N1 – N2 (Rásanna Reatha) 12.30pm sa scoil.

*Sports Day for N1 – N2 (races) 12.30pm at the school.*

12/06/17 : Cuairt Naíonain Shóisearacha 2017/2018 ar an scoil 1.00pm - 2.00pm

*Junior Infants 2017/2018 visit the school scoil 1.00pm - 2.00pm*

12/06/17 : Cruinniú Boird 8.30pm *Board of Management Meeting*

13/06/17 : Cuairt ó dhaltaí Ysgol Morsyn Gymraeg *ar an scoil.*

*Pupils from Ysgol Morsyn Gymraeg in Wales visit the school.*

14/06/17 : R1 Turas Ranga - Ionad Ealaíne Ghleann Cuilinn

15/06/17 : Seó Talainne 2017 Daltaí R3 - R6 12.00pm Fáilte roimh chách

*2017 Talent Show Pupils from R3 - R6 12.00pm All Welcome*

20/06/17 : R5A Turas Rúnda *Mystery Tour*

20/06/17 : R5B Turas go dtí an Bhreatain Bheag *R5B Vist Wales*

0?/06/17 : Aifreann Deireadh Bliana (data & am le dearbhú)

*End of Year Mass (time & date to be confirmed)*

28/06/17 : Ceiliúradh Chinn Chúrsa R6 *R6 Graduation*

30/06/17 : Saoire an tSamhraidh 12:00 a chlog